# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir



*Daltaí na hIdirbhliana agus an fhoireann*



*An grúpa ceoil*



*Kevin & Margaret Uí Chaonaigh, Gabhla*

## Cóisir na Nollag 2023

Bhí Cóisir na Nollag againn i mbliana an 3ú Nollaig, 2023. Go traidisiúnta, bhíodh dinnéar agus tráthnóna sóisialta eagraithe againn i dTeach Ghlinsce. In 2020, scaip an feachtas go 'Meals on Wheels' freisin, a eagraíonn Tigh Mheaic. Is grúpa beag scoláirí iad an Idirbhliain seo, agus bhí an dá chóras le rith, dá bhrí sin bhí maidin an-chruógach acu. Seachadadh na béilí ar rothaí ó mheán lae ar aghaidh ó Tigh Mheaic, agus bhí an dinnéar ar siúl i dTeach Ghlinsce ag 2 i.n. I ndiaidh an bhéile, bhí seisiún ceoil, damhsa agus raifil.

Chas Marcus O hIarnáin, Proinsias agus Mac Dara Ó Curraoin ceol breá, bríomhar. Bhí an-bhaint ag ceoltóirí na hidirbhliana leis an gcur i láthair. Ghlac roinnt aíonna páirt freisin sa gcur i láthair, bail ó Dhia orthu. Trí eagrú na cóisire, déanann scoláirí ceangal lena gcomharsana, óna liostaí ainmneacha, seachadadh cuirí agus an chóisir é féin. Bíonn súil againn go spreagfaidh an eispéiris seo féin-mhuinín na scoláirí – bíonn baint ag gach scoláire i ngné éigin don eagrúchán - feiceann siad go bhfuil a mbua féin tábhachtach don fhoireann agus maidir le hócáid thaitneamhach a eagrú sa bpobal.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na gnóthanna áitiúla a thug tacaíocht dúinn i mbliana chun Cóisir na Nollag a mhaoiniú:

Caifé Pobail, ISPG Teo, Eisc Chill Chiaráin, Carna Bay Hotel
Fuinneamh Sceirde Teoranta, Madden Plant Hire
Mordan Films Teo, Seamus Breathnach-ACM Teo, Sweeney Oil
St Jarlaths Diocesan Trust, An tAthair Shane, DJ Electrical
Jackie Ó Cualáin, Mikie Flaherty Landscaping, Tigh Seoige Sraith Salach, Peil na mBan Carna Caiseal.

Buíochas freisin do na siopaí áitiúla a thacaigh le duaiseanna don chrannchur, chomh maith, le baill an phobail agus d'fhoireann na scoile.

- Máire Ní Dhomhnaill agus Pauline Uí Mhurchú

# 'Rud ar bith ach Mála!'

**Rinne scoláirí Choláiste na bPiarsach an-iarracht don lá 'rud ar bith ach mála' le linn mhí na Nollag ar mhaithe leis an gcarthanacht Cope. Is éard a bhí i gceist leis an lá spraíúil seo ná go ndeachaigh na scoláirí chuig an scoil le rud éigin seachas mála droma chun a gcuid earraí scoile a iompar. Bhí na scoláirí seo an-chruthaitheach agus d'úsáid siad earraí ón mbaile ar nós buicéad móna, bosca uirlisí, clúdach piliúir, bosca don chairdín agus neart eile!**










# Seimeastar Gaeltachta 2024

**Beidh scéalta á n-insint agam go brách faoin tréimhse a chaith mé ar an Seimeastar Gaeltachta i gCarna. Cé go bhfuil sé suite ar imeall thiar na tíre, tá Carna i gcroílár Ghaeltacht Chonamara. Tá eolas ar gach cloch, linn is trá ag an bpobal mionteanga seo a chuir ardluach i gcónaí ar a n-oidhreacht.**

**Ní raibh mé riamh in Iorras Aithneach cheana. Bhí na daoine áitiúla i gCarna chomh cairdiúil agus cabhrach i gcónaí. Chuir siad fáilte breá taitneamhach romhainn mar ghrúpa. Ní raibh mé in ann pionta a ól gan seanleaid éicint ar stól an bheáir a rá "ní aithním thú". Is léir dom go bhfuil rud éicint ar leith a tharraingíonn daoine go dtí an áit dhraíochtúil seo agus chuidigh foireann Ionad an Acadaimh linn a bheith páirteach sa phobal saibhir seo.**

**Is é an Seimeastar Gaeltachta an t-eispéireas is fearr a bhí agam fós agus mholfainn do chuile dhuine tabhairt faoi, chun fíorbhlas a fháil den teanga, den chultúr is den tírdhreach. Taobh amuigh de na ranganna, bhí neart imeachtaí againn ar nós ranganna amhránaíochta, seisiúin folláine, cadhcáil agus turais spéisiúla.**

**Fós smaoinaoimse ar an radharc ar na Beanna Beola, "maidin fhómhair le héirí an lae", agus cuireann siad gliondar ar mo chroí. Táim chomh buíoch go ndeachaigh mé ar an Seimeastar Gaeltachta agus ar an taithí saoil nua a bhronn sé orm i gCarna.**
**-Eilís Ní Scannláin**

-

## *Tús le mo thréimhse i gConamara Láir!*



Dia daoibh a chairde, is mise Michael Foran agus táim ag obair le Pleanáil Teanga Chonamara Láir mar chuid de mo shocrúchán oibre. Is mac léinn ollscoile mé in Ollscoil Luimnigh agus tá cúrsa sna Teangacha Feidhmeacha (Gaeilge agus Fraincis) á dhéanamh agam. Is as Ros Mhic Thriúin i Loch Garman ó dhúchas mé. Tá suim agam i gcúrsaí spóirt agus bím ag obair le Nemeton TV & Spórt TG4 freisin nuair a bhíonn GAA Beo ar siúl chun buaicphointí na gcluichí a chur suas ar a gcuntas meáin shóisialta. Chomh maith leis sin, chaith mé tréimhse ag obair san Eilvéis i sráidbhaile beag atá lonnaithe sna hAlpa agus ba eispéireas den chéad scoth a bhí ann. Chaith mé tréimhse ag obair agus ag maireachtáil trí mheán na Fraincise agus anois táim ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh trí Ghaeilge!
Ar ndóigh, is mór an suim atá agam i gcúrsaí Gaeilge/Gaeltachta agus tá spéis faoi leith agam i sochtheangeolaíocht na Gaeilge. Is é sin ceann de na fáthanna gur roghnaigh mé mo chuid socrúchán a dhéanamh i réimse na Pleanála Teanga, go háirithe anseo i gConamara Láir. Ba mhaith liom deiseanna agus fadhbanna ceantair Ghaeltachta an iarthair a thuiscint toisc nach raibh mé sa chuid seo den tír riamh. Is iontach an deis é a bheith anseo i gConamara Láir chun dlúthchaidreamh idir an teanga, an cultúr, agus na cainteoirí a fheiceáil. Ar an iomlán, táim ag iarraidh dul i ngleic le riachtanais an cheantair agus le riachtanais na gcainteoirí Gaeilge.
Is é seo mo chéad uair i gConamara agus caithfidh mé a rá gur álainn an áit é agus táim ag tnúth go mór a bheith ag obair sa cheantar, leis an bpobal, agus le Pleanáil Teanga Chonamara Láir sna míonna atá amach romhainn.

Club Mara Chonamara Láir

## Fógra Poist: Oifigeach um Chuimsiú Sóisialta

*Tá Forbairt Chonamara Láir Teo., & Club Mara Chonamara Láir ag earcú Céimithe mar Oifigeach Cuimsithe Sóisialta, mar chuid de Scéim Chéimithe dhá bhliain Údarás na Gaeltachta.*

Beidh an tOifigeach um Chuimsiú Spóirt freagrach as gníomhaíochtaí Club Mara Chonamara Láir a fhorbairt agus a reáchtáil faoi éiteas an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe do chách.
Áirítear leis sin imeachtaí do Mhná sa Spórt a reáchtáil, Cumas Seolta do dhaoine faoi mhíchumas, tionscadail/cláracha cuimsithe do mhuintir na háite nach nglacfadh páirt i spórt uisce de ghnáth agus imeachatái a eagrú do dhaoine nach náisiúnaigh iad atá ag socrú isteach sa phobal.
Áirítear leis freisin riaradh cúrsaí, campaí agus tacaíocht a thabhairt don chomhordaitheoir lánaimseartha in oibríochtaí laethúla na heagraíochta.
Beidh an duine a cheapfar ag tuairisciú chuig Bainisteoir an Chlub & Oifigeach Forbartha FCL Teo.

Tuilleadh Eolais: fclteo@conamaralair.ie 095 32688 nó 087 3294478
Seol do CV, mar aon le doiciméid tacaíochta, ar aghaidh chuig fclteo@conamaralair.ie roimh an 6 Feabhra 2024.

# San am a chuaigh thart..



Seo scéal Dhoire Bhanbh mar a chuala muintir an bhaile é ón dream a chuaigh rompu.
De réir seanachas a bhí ag Peadar Breathnach (Peter Jainín) a rugadh agus a tógadh ar an mbaile, tá ainm an bhaile ag dul siar go dtí aimsir Ghráinne Ní Mháille, bean a rugadh i 1530. Deirtear go raibh foirnéis aice i gCamus - as sin a tháinig an t-ainm Droichead na Foirnéise & Bóthar na Foirnéise, agus gur theastaigh adhmad chun an fhoirnéis a choinneál ag imeacht. Deirtear go raibh coill darach i nDoire Bhanbh agus bhíodh na crainnte á bhaint don fhoirnéis. Is as seo a tháinig an leagan Doire Bhainte de réir an tseanchais.
Tá an logainm "Dirravanna" luaite sa leabhar "Book of Survey & Distribution" ón mbliain 1636 agus seans gur aistriúchán ar Doire Dhá Bhanbh nó Doire Bhainte a bhí ansin. Tá sé le fáil ar Mhapa Tom Petty ón mbliain 1683 freisin leis an litriú "Derrivannagh".
Is iomaí sin litriú difriúil ar an leagan Béarla den bhaile atá le fáil ar mhapaí suirbhéireachta ordanáis ach is "Derravoniff" nó "Derryvoniff" a úsáitear ar mhapaí an lae inniu agus is Doire Bhanbh an leagan Gaeilge atá in úsáid den chuid is mó.
Ó thaobh scéala Ghráinne Ní Mháille, níl aon eolas le fáil faoi seo sna leabhair staire. Bhásaigh sise i 1603 agus de réir an taighde a rinne Tim Robinson faoi na foirnéisí iarainn i gCamus, is ón 18ú céad iad (1700adaí). Dúirt an t-innealtóir Alexander Nimmo gur mar gheall ar an bhfoirnéis seo a gearradh na crainnte ar fad sa cheantar.
D'fhéadfadh go raibh foirnéis ann roimh an 18ú céad chomh maith ach níl aon fhianaise ann an raibh nó nach raibh. Deirtear freisin go ordaigh Bhanríon Eilís 1, a bhí i gcumhacht idir 1558 agus 1603, na coillte agus na foraoisí ar fad a ghearradh anuas in Éirinn ionas nach mbeadh aon áit ag na ceannairceaigh Éireannacha dul i bhfolach. Chuir seo adhmad ar fáil freisin do longa cabhlaigh na Breatainne ina gcogadh in aghaidh na Spáinne.
Is baile mór é Doire Bhanbh. Leanann sé ó Dhroichead na Foirnéise i gCamus, soir go dtí an sruthán beag ar Bhóthar Leitir Móir na Coille agus siar an bóthar go dtí An Droichead Mór, díreach roimh Ghleann Chatha agus amach Bóthar an Tí Dhóite go dtí sruthán a ritheann idir Doire Bhanbh & Gleann Trasna.
Tá Scoil Náisiúnta na Maighdine Muire Gan Smál agus Teach Scríbe i nDoire Bhanbh. Is crosbhóthar Dhoire Bhanbh an teideal ceart atá ar an áit a dtugtar Crosbhóthar Scríbe air go forleathan.

*Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghlacadh le Neansaí Ní Choisdealbha as an bpíosa eolais seo a roinnt linn.*

## Gearrliosta Ghradaim Tíre RTÉ Raidió 1 Fógartha




Fógraíodh an gearrliosta do Ghradaim Tíre RTÉ Raidió 1 an 22 Eanáir agus tréaslaíonn foireann Chonamara Láir le Séamus agus Caoimhe Uí Fhlatharta atá ainmnithe faoi dhá chatagóir - 'Ceoltóirí is fearr atá ag teacht chun cinn' agus 'An t-amhrán tíre traidisiúnta is fearr'. Ní amháin sin, ach tá 'Bláth na hÓige' ar an ngearrliosta chomh maith don 'Albam tíre is fearr'.
Ar ndóigh, tá Caoimhe agus Séamus mar bhaill den ghrúpa amhránaithe ildánacha seo agus bhí siad le feiceáil ar an gclár teilifíse den ainm céanna a léirigh Aniar TV agus a craoladh ar TG4 anuraidh.
Beidh na gradaim ar siúl ar Shráid an Bhiocáire i mBaile Átha Cliath an 27 Feabhra. Go n-éirí go geal leo!

# Fógraí Éagsúla:



















Bí linn ar an 17 Feabhra i Teach Ghlinnsce le haghaidh Dioscó "80's night"
€10 ar an doras
Beidh an t-airgead a bhaileofar ag dul i dtreo Peil na mBan Carna Caiseal
Tá an oíche seo le haghaidh daoine os cionn 18 mbliana d'aois.

## *Tar ag obair i gConamara Láir!*

An bhfuil tú ag smaoineamh filleadh ar Chonamara Láir nó teacht ar saoire chuig an gceantar i mbliana? Ná déan dearmad go bhfuil spásanna cianoibre le fáil i gteic@Carna agus tapaigh do dheis níos mó ama a chaitheamh sa gceantar - súigh isteach an ghaoth úr ón bhfarraige, lig do scíth ar na tránna áille, téigh ar shiúlóid ar na cnoic, agus bí sáite go huile is go hiomlán i gcultúr uathúil na Gaeltachta.



# Cairdeas- 'Ag Obair as Láimhe Chéile'

**Is é aidhm Chairdeas ná seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine aonair agus dá muintir chun tacú le maireachtáil ina bpobal féin.**

**Clúdaíonn an tseirbhís ceantair Chamuis, Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, Caiseal agus an Sraith Salach. Is iad na príomhchuspóirí ná:**

**-Caidreamh a chruthú le daoine aonair agus le teaghlaigh sa phobal**
**-Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar agus a chothabháil sa cheantar**
**-A chinntiú go gcaitear le cliaint le dínit agus le meas**
**-Oibriú i gcomhar le gnólachtaí áitiúla agus le gairmeacha cúram sláinte áitiúla chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú.**

**Soláthraítear raon seirbhísí ar nós:**
**-Béilí te**
**-Siopadóireacht**
**-Aireachas, Folláine, Íoga agus Aclaíocht**
**-Éadach a níochán**
**-Clár um Chuimsiú a fhorbairt trí imeachtaí agus cúrsaí sóisialta**
**-Córas Iompair a fhorbairt sa gceantar**
**-Eolas a sholáthar maidir le seirbhísí cúram baile**
**-Comhairle agus cúnamh a thabhairt maidir le hiarratas ar mhaoiniú a chomhlánú do dhaoine scothaosta agus do dhaoine leochaileacha sa phobal**


*Cúrsaí Caitheamh Aimsire*



*Milseoga do rannpháirtithe 'Béile ar Rothaí'*

**Bíonn an tseirbhís 'Béilí ar Rothar' ar fáil trí huaire sa tseachtain. Má tá suim agat nó aithne agat ar éinne a bheadh suim acu leas a bhaint as na seirbhísí seo, déan teagmháil le Máirín.**

*Forbairt Chonamara Láir Teo*
*Teach An Údaráis, Carna*
*Co. Na Gaillimhe. H91 X07X*
*095-32688/ 087-3294478*
*fclteo@conamaralair.ie*

# Coirnéal Chomhrá



## Aoí na Míosa: Veronica Ní Loideáin

**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?** Veronica Dara Nan
**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Béal Chara, Leitir Ard
**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge agus an mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Úsáidim Gaeilge go minic mar bím ag obair le daoine óga sa bpobal. Mar gheall go bhfuil an Ghaeilge agam ón gcliabhán, tá sé éasca dom obair a fháil sa gceantar. Déanaim suathaireacht agus ióga trí Ghaeilge. Ba mhaith liom i mbliana cúrsa a eagrú ar nós 'Gaeilgóirí' ach dírithe ar dhaoine fásta agus é a bheith ar fad trí mhéan na Gaeilge - mar shampla gníomhaíochtaí éagsúla trí Ghaeilge ar nós siúlóidí, snámh agus cadhcáil. Is bealach a bheadh ann chun daoine a d'fhoghlaim Gaeilge sa scoil ach nach labhraíonn í níos mó a spreagadh chun an teanga a fhoghlaim arís.
**4.Céard é an béile is fearr leat?** Rud ar bith meicsiceach agus te - burritos, fajitas, srl. I saol eile ba meicsiceach bhí ionam!
**5.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Tá an t-ádh orainn go bhfuil leithéid Tigh Mheaic agus Teach Ghlinsce béal dorais. Téann muid ann go minic agus tá na daoine agus an fhoireann iontach. Bíonn an béilí i gconaí go maith agus i ndáiríre táimid millte. Cén fáth a ngabhfadh muid níos faide?
**6.Céard é an boladh is fearr leat?** Braitheann sé, sa teach is maith liom bláthola 'Ardaingeal Mícheal'. Nuair a bhíonn mé ag obair is maith liom a bheith ag dó túise agus ar mo cholainn is breá liom ola róis.
**7.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Yellowstone- d'fhéach mé air ar fad tríd an Nollaig!
**8.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Rud ar bith ar an bhfarraige ar nós seoltóireacht ach is dócha gurb é gaothshurfáil is fearr liom amach is amach.
**9.An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?** Bhuel, ní saoire i ndáiríre a bhí ann ach blianta ó shin rinne muid dráma in Inis Oírr leis an Taibhdhearc. Bhí sé chomh simplí, d'fhán muid i mB&B agus rinneadh an dráma sa halla. D'fhreastail chuile dhuine ón oileán ar an dráma agus bhí an-chraic againn. Cinnte, bhí muid ag obair ach bhí sé iontach! Má tá grúpa maith leat, is é sin a dhéanann 'saoire'.
**10.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** An scannán is fear a chonaic mé sa phictiúrlann ná 'Phantom of the Opera'. Bhí sé an-mhaith. Ach breathnóidh mé ar rud ar bith- braitheann sé cén ghiúmar atá orm. Uaireanta tá mé ag iarraidh féachaint ar rud simplí agus uaireanta eile is maith liom dráma.
**11.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach – cén sórt leabhar a cheannófa?** Faoi láthair táim ag léamh 'The Body Keeps the Score' agus 'When Women were Dragons'. Arís, braitheann sé. Léifinn mé rud ar bith.
**12.An noiméad den lá is fearr leat?** An mhaidin, cinnte cinnte an mhaidin- nuair atá chuile duine eile fós sa leaba. Is deas an rud an ghrian a fheiceáil ag éirí. Ní bhíonn cuma ar bith orm sa dorchadas!
**13.An t-am den bhliain is fearr leat?** An samhradh- laethanta deasa fada agus a bheith san uisce!
**14.Aon chomhairle a cuireadh ort?** Ná maraigh tú féin- tóg d'am. Dá mhéad í an deifir is ea is mó an mhoill. Mar sin, tóg do chuid ama, boladh na rósanna agus bíodh na daoine ceart timpeall ort- na daoine maithe agus na daoine atá ag iarraidh an rud is fearr duit. Coinnigh iadsan gar do do chroí.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Mairéad Uí Dhomhnaill, Muighros, a bhuaigh comórtas mhí Eanáir.
Is í Paula Lydon, Oifigeach Turasóireachta Cósta Gaelach Chonamara & na hOileán, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Feabhra chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

### Doire Bhanbh

*Bhí coill darach i nDoire Bhanbh a deirtear agus bhíodh na crainnte á bhaint don fhoirnéis. Is as seo a tháinig an leagan Doire Bhainte de réir an tseanchais.*

## Seanfhocal na Míosa:

*Is geal gach nua agus is searbh gach gnáth.*

---

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**